

SGÉAL EILE FAOI NA FLATHBHEARTA AGUS FAOI MHUINNTIR LAOIDHE.

Níó fhios ag an sgeulaidhe cé'n áit a raibh na Flaithbhearta seo ina gcomhnuidhe.

Bhí naonbhar mac dhe na Flaithbhearta seo ann agus an t-athair agus triúr dhe mhuinntir Laoidhe agus an tathair. Chuir an Flaithbheartach duine dhá chlann chomh fada le muinntir Laoidhe (mar bhí mart marbhuighthe acab) ag iarradh cuid dhe'n mhart a chur acab. Chuir sé sgéala acab duine acab fhéin a theacht leis mar ní dheanfhadh sé a mhac fhéin chomh beag agus go n-iarrfadh sé air an fheoil iompar. Nuair a tháinig an Flaithbheartach óg chomh fada le muinntir Laoidhe séard a rinne siad é mharbhughadh agus a chloigeann a cheangal suas.

Chuaidh duine acab leis an gcloigeann ag na Flaithbhearta agus dubhairt an chuid eile leis é leagan ar a mbord radh gurbh sin í an fheoil agus siubhal amach. Nuair fuair siad an cloigeann ansoin lean an naonbhar acab Mac Laoidh. Nuair a chonaic athair mhuintir Laoidh a teacht iad. "Teighigí rompab anois" adeir sé leis a'gclann "agus bainigí triúr astab ar a dhul siar dhíb. Teagaigí ar ais ansoin agus bainigí triúr eile astab ar a dhul aniar dhíb agus ní bheidh ach fear ar a' bhfear an uair sin. "Ach" adeir sé marbhóchaidh mise an sean Fhlaithbheartach agus cuirfidh mé mo láimh isteach ina bholg." Chuaidh siad rompab ansoin agus bhain siad triúr astab a dul siar agus triúr eile ar a dhul aniar agus ní raibh ach fear ar a bhfear ansoin agus an sean Laoidh ar an sean Flaithbheartach. Mharbuigh muintir Laoidh iad.